Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**9138/21**

**RECH 267**
**COMPET 424**
**EDUC 215**
**SOC 352**
**EMPL 261**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Bealtaine 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9009/21 |
| Ábhar: | An Limistéar Eorpach Taighde Nua a Dhoimhniú: Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 28/05/2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a dhoimhniú: Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a chur i gcrích, a ghlac an Chomhairle ag an 3797ú cruinniú a bhí aici an 28 Bealtaine 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis "an Limistéar Eorpach Taighde Nua a Dhoimhniú: gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú"**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI

- an Rún ón gComhairle i mí an Mheithimh 2000[1] lena mbunaítear limistéar Eorpach taighde agus nuálaíochta ina leagtar béim ar acmhainní daonna agus ar tharraingteacht na ngairmeacha beatha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht;
- an Rún dar teideal *Council Resolution of 10 November 2003 on the profession and the career of researchers within the European Research Area* [Rún ón gComhairle an 10 Samhain 2003 maidir le gairm bheatha agus gairm na dtaighdeoirí sa Limistéar Eorpach Taighde (LET)] ina n-iarrtar ar Bhallstáit agus ar an gCoimisiún *inter alia* córais mheastóireachta agus breithmheasa a chomhroinnt agus a fhorbairt, feabhas a chur ar dhálaí oibre do thaighdeoirí agus soghluaisteacht idirearnála taighdeoirí a spreagadh agus ina n-iarrtar ar an gCoimisiún tuairisciú go rialta[2];
- na conclúidí ón gComhairle an 18 Aibreán 2005 dar teideal *Council conclusions on reinforcing human resources in science and technology in the European Research Area* [Conclúidí ón gComhairle maidir le hacmhainní daonna san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a threisiú sa Limistéar Eorpach Taighde][3];
- na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 13 agus 14 Márta 2008 ina n-iarrtar ar na Ballstáit bacainní ar shaorghluaiseacht eolais a bhaint tríd an cúigiú saoirse a chruthú, bunaithe go háirithe ar mhargadh an tsaothair a dhéanamh níos oscailte agus níos iomaíche do thaighdeoirí, ar struchtúir ghairmeacha níos fearr a chur ar fáil, ar thrédhearcacht agus ar leas teaghlach;
- na Conclúidí ón gComhairle an 30 Bealtaine 2008 dar teideal *Council Conclusions on Family-Friendly Scientific Careers:towards an Integrated Model* [Conclúidí ón gComhairle maidir le gairmeacha eolaíocha ar leas teaghlach iad: i dtreo samhail chomhtháite], ina meabhraítear an ról ríthábhachtach atá ag an mbeartas taighde agus forbartha teicneolaíche san Eoraip i gcomhthéacs Straitéis Liospóin agus ina gcuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá ról na mban san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus chun dálaí níos cothroime oibre agus saoil a fhorbairt, chomh maith le gairmeacha eolaíocha a bheidh chun leas teaghlach[4];

---

1 IO C 205, 19.7.2000, lch. 1.
2 IO C 282, 25.11.2003.
3 8194/05.
4 10212/08.

– na Conclúidí ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2008 dar teideal *Better careers and more mobility: a European Partnership for researchers* [Gairmeacha níos fearr agus níos mó soghluaisteachta: Comhpháirtíocht Eorpach do thaighdeoirí], ina gcuirtear i bhfios go láidir gur gá cothromaíocht a choinneáil oscailt suas ar an leibhéal Eorpach agus neamhspleáchas na n-institiúidí, lena n-atreisítear prionsabail agus luachanna na Cairte Eorpaí um Thaighdeoirí agus an Chóid Iompair um Earcú Taighdeoirí[5] (dá ngairtear an Chairt agus an Cód anseo feasta) agus gur gá faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach[6];

– an tuarascáil ón Aire Biltgen (LU) agus ón Aire Gago (PT) an 18 Bealtaine 2009 maidir le comhpháirtíocht Eorpach chun feabhas a chur ar tharraingteacht na ngairmeacha taighde agus i bhforbairt na teicneolaíochta agus na coinníollacha le haghaidh soghluaisteacht taighdeoirí san Eoraip[7] ina moltar conairí gairme éagsúlaithe taighde, déghairmeacha, dálaí teaghlaigh agus solúbthacht agus socracht agus n-iarrtar go gcruthófaí sineirgí le foirmíochtaí eile de chuid na Comhairle;

– na conclúidí ón gComhairle an 2 Márta 2010 dar teideal *Council conclusions on European researchers' mobility and careers* [Conclúidí ón gComhairle maidir le soghluaisteacht agus gairmeacha[8] thaighdeoirí Eorpacha] agus na conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2015 maidir leis an tsláine taighde[9] agus comhionannas inscne a chur chun cinn[10];

– an Rún ó Pharlaimint na hEorpa a foilsíodh i mí Aibreán 2010[11] dar teideal maidir le gairmeacha níos fearr agus níos mó soghluaisteachta, go háirithe ina n-iarrtar samhail ghairme aonair Eorpach, ina ndéantar tathant ar Chiste Pinsean Eorpach agus ina n-iarrtar ar na Ballstáit é a dhéanamh níos tarraingtí do thaighdeoirí filleadh ar institiúidí baile;

– na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Feabhra 2011[12] inar cuireadh i bhfios go láidir go dteastaíonn limistéar aontaithe taighde ón Eoraip chun tallann agus infheistíocht a mhealladh, agus ina n-iarrtar go gcruthófaí fíormhargadh aonair don fhaisnéis, don taighde agus don nuálaíocht;

– na conclúidí ón gComhairle an 28 agus an 29 Samhain 2011 maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar an ardoideachas ina n-iarrtar nósanna imeachta oscailte trédhearcach earcaíochta agus Creat Eorpach le haghaidh Gairmeacha Taighde;

---

5 2005/251/CE an 11 Márta 2005.
6 13671/08, 7652/1/08 REV1.
7 10003/09.
8 6833/10.
9 14853/15.
10 14846/15.
11 2010/C 87 E/20.
12 EUCO 2/11.

– na conclúidí ón gComhairle an 29 Bealtaine 2015[13] maidir le Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde 2015-2020, ina gcuirtear chun suntais, *inter alia*, ról an chaipitil dhaonna ó thaobh an Limistéir Eorpaigh Taighde a chur chun cinn agus a thábhachtaí atá sé straitéisí láidre cuimsitheacha a neartú i ndáil le hacmhainní daonna agus taighdeoirí óga a chumhachtú trí chonairí gairme tarraingteacha a chur ar fáil dóibh;
– na conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016[14] maidir leis an aistriú i dtreo Córas Eolaíochta Oscailte;
– na conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2016[15] maidir le bearta chun tacú le taighdeoirí luathchéime agus chun tarraingteacht na ngairmeacha taighde a mhéadú, lena nasctar na gairmeacha leis an gClár Oibre do Scileanna agus ina n-iarrtar ar an gCoimisiún go háirithe próisis faireacháin a fhorbairt chun sreabha soghluaisteachta na dtaighdeoirí san Aontas Eorpach (AE) agus le tríú tíortha a thomhas;
– Moladh ón gCoimisiún dar teideal *Commission Recommendation (EU) 2018/790 of 25 April 2018 on access to and preservation of scientific information* [Moladh ón gCoimisiún (AE) an 25 Aibreán 2018 maidir le rochtain ar fhaisnéis eolaíoch agus caomhnú na faisnéise sin], ina n-iarrtar, go háirithe, ar Bhallstáit beartais shoiléire a shocrú agus a chur chun feidhme chun, a mhéid a bhaineann le faisnéis eolaíoch, coigeartú a dhéanamh ar an gcóras earcaíochta agus meastóireachta gairme do thaighdeoirí, ar an gcóras meastóireachta chun deontais taighde a dhámhachtain ar thaighdeoirí, agus ar na córais mheastóireachta d'institiúidí a bhfuil taighde ar bun acu;
– na conclúidí ón gComhairle an 30 Samhain 2018[16] maidir le rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde, ina gcuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé margadh an tsaothair a fhorbairt do thaighdeoirí san Eoraip, Eolaíocht Oscailte a nascadh le sásraí luaíochta agus measúnaithe, chomh maith le forbairt scileanna agus scéimeanna do thaighdeoirí, agus ina n-iarrtar sineirgí níos fearr le Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA);
– an tuairim maidir le todhchaí an Limistéir Eorpaigh Taighde a ghlac an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN) an 17 Nollaig 2019[17] ina leagtar amach na príomhghnéithe le haghaidh 'LET nua';
– Dearbhú na Bratasláive maidir le Taighdeoirí Óga ó 2016 ina gcuirtear in iúl an gá atá le gairmeacha taighde níos fearr agus Glao Shágrab ar ghníomhaíocht maidir le Cúrsaíocht Daoine Oilte 2020, lena nasctar feabhas a chur ar ghairmeacha taighdeoirí leis an ngá atá le héiceachórais taighde náisiúnta/áitiúla a fheidhmeoidh ar bhealach níos fearr chun rannchuidiú le cúrsaíocht níos cothroime daoine oilte;

[13] 9351/15.
[14] 9526/16.
[15] 15013/16.
[16] 14989/18.
[17] CLETN 1201/20.

– iarrtar sa Chlár Oibre Nua Scileanna don Eoraip a ghlac an Coimisiún an 30 Meitheamh 2020 Creat Eorpach Inniúlachtaí do thaighdeoirí, lena dtacaítear le tacar scileanna ríthábhachtach do thaighdeoirí, scileanna tacsanomaíochta a fhorbairt, chomh maith leis an oiliúint ghaolmhar, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;

– an teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020[18] maidir le *A new ERA for research and innovation* [LET nua don taighde agus don nuálaíocht];

– na conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2020[19] maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde Nua, ina n-iarrtar ar Uachtaránacht na Portaingéile ábhar na ngairmeacha taighde a fhorbairt a thuilleadh i gcomhar leis an gCoimisiún, agus ina gcuirtear i bhfios go láidir gur gá sineirgí níos láidre idir LET agus na gnéithe den Limistéar Eorpach Oideachais a bhaineann leis an ardoideachas;

– Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ina gcuirtear chun suntais LET mar bhunchloch chun an Eoraip a dhéanamh iomaíoch agus inbhuanaithe agus chun deiseanna a chur ar fáil trí nuálaíocht, agus an Moladh gaolmhar ón gComhairle maidir le cosaint shóisialta[20] ina moltar do na Ballstáit feabhas a chur ar an rochtain ar chosaint shóisialta do chách.

***I. Réamhrá***

1. AITHNÍONN SÍ go bhfuil taighdeoirí agus pearsanra eile taighde agus forbartha ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha ag croí-lár na gcóras taighde agus nuálaíochta agus go bhfuil d'aidhm ag LET, arna bhunú le hAirteagal 179 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, margadh inmheánach a chruthú le haghaidh taighde - margadh ina mbeidh saorchúrsaíocht taighdeoirí, eolais agus teicneolaíochta chun a áirithiú go ndéanfar eolas nuálach ar ardcháilíocht a tháirgeadh, a scaipeadh a áirithiú; agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, go bhfuil dúshláin fós ann agus go bhfuil gá le gníomhaíocht níos comhordaithe.

---

**18** 11400/20 + ADD1.

**19** 13567/20.

**20** Moladh 2019/C 387/01 ón gComhairle an 8 Samhain 2019.

2. Ag féachaint do chlár oibre beartais LET a shaothrú, agus Treochlár LET arna leagan amach ag an gCoimisiún á chur san áireamh, eadhon an tosaíocht 'LET a dhoimhniú', TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá dálaí leordhóthanacha creata do ghairmeacha taighde, lena n-áirítear cothromaíocht oibre is saoil[21], agus infhostaitheacht agus rochtain ar chosaint shóisialta do chách[22].

3. MEABHRAÍTEAR DI gur eilimint ríthábhachtach den 'LET Nua' í tarraingteacht na ngairmeacha taighde a fheabhsú san Aontais, trí choinníollacha oibre agus fostaíochta cuimsitheacha tacúla a chruthú, lena n-áirítear foghlaim ar feadh an tsaoil, le go mbeidh gairmeacha taighdeoirí níos inbhuanaithe agus níos tarraingtí agus, dá bharr sin, go mbeifear in ann an tallann is fearr a mhealladh gan aon chlaonadh agus taighdeoirí den scoth ón Eoraip agus as thar lear a choinneáil.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tograí ón gCoimisiún atá sa Teachtaireacht LET maidir le sraith beart tacaíochta chun gairmeacha taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile a neartú, amhail iad siúd a bhaineann leis an eolaíocht oscailte, leis an gcuimsitheacht agus le rochtain ar bharr feabhais (e.g. EURAXESS agus cúrsaíocht daoine oilte a éascú).

5. MEASANN SÍ go dtéann gairmeacha taighde níos faide ná beartais taighde agus nuálaíochta, go slógtar beartais phoiblí eile amhail beartais fostaíochta, shóisialta agus oideachais leo, agus go n-aithnítear an poitéinseal le haghaidh sineirgí agus comhordú cothrománach leo; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá gnéithe náisiúnta, réigiúnacha agus earnálacha agus go ndéanfaí neamhspleáchas na n-eagraíochtaí a chaomhnú.

6. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go rannchuidítear le forbairt ghairmeacha inbhuanaithe tarraingteacha taighde trí chomhar trasteorann agus trasearnála, oscailteacht, comhroinnt, earcaíocht chóir, iomaíocht agus cruthú luacha i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhfuil eolas mar thaca leo.

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cothaíodh soghluaisteacht taighdeoirí trí LET, gur baineadh na bacainní ar chúrsaíocht agus ar fhorbairt ghairme, tríd, i measc nithe eile, an gCairt, an Cód agus a sásraí cur chun feidhme, lena n-áirítear an Straitéis Acmhainní Daonna do Thaighdeoirí agus EURAXESS, Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, an Comhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST) agus trí bhearta eile um leathnú; mar sin féin, in ainneoin an dul chun cinn atá déanta, ní mór do na Ballstáit agus don Aontas leanúint leis na hiarrachtaí comhpháirteacha agus leis na gealltanais chomhpháirteacha maidir leis an gné Eorpach agus idirnáisiúnta a bhaineann le gairmeacha taighde.

---

[21] Treoir (AE) 2019/1158 an 20 Meitheamh 2019.

[22] Moladh 2019/C 387/01 ón gComhairle an 8 Samhain 2019.

***II. Soghluaisteacht, cúrsaíocht daoine oilte agus córais taighde agus nuálaíochta***

8. MEABHRAÍTEAR DI gur gné lárnach de 'LET Nua' é soghluaisteacht gheografach, idirearnálach agus idirdhisciplíneach taighdeoirí agus pearsanra eile a bhíonn ag gabháil do T&F, agus gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh le cúrsaíocht daoine oilte a bhaint amach chun aghaidh a thabhairt ar shreabhadh neamhchothrom na dtaighdeoirí; AITHNÍONN SÍ go mbraitheann cúrsaíocht daoine oilte ar chreathchoinníollacha leordhóthanacha, gairmeacha idir-inoibritheacha tarraingteacha taighde agus cáilíocht agus tarraingteacht fhoriomlán an chórais taighde; MOLANN SÍ do na Ballstáit cáilíocht na gcóras taighde agus nuálaíochta a fheabhsú trí chreatchoinníollacha leordhóthanacha, lena n-áirítear dóthain infheistíochta a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht agus trí athchóirithe a chur chun feidhme mar is gá.

9. AITHNÍONN SÍ go bhfuil impleachtaí na soghluaisteachta ar fhorbairt na ngairmeacha taighde an-ábhartha agus tús a chur le gairmeacha, mar gur dóchúla go mbeidh poist oiriúnacha agus meantóireacht á lorg ag taighdeoirí, go mbeidh siad ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh ina ngairm, go mbeidh luach saothair agus dálaí fostaíochta níos fearr uathu, go mbeidh folláine agus cothromaíocht oibre agus saoil á lorg acu chomh maith le cáilíocht sna héiceachórais taighde.

10. CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT gur gnéithe bunriachtanacha iad an earcaíocht chóir agus an iomaíocht le haghaidh tallainne idir institiúidí agus córais chun feabhas a chur ar tharraingteacht na gcórais taighde; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá infheistíocht a dhéanamh sna córais taighde náisiúnta agus áitiúla agus dálaí oibre iomchuí córa a chruthú d'fhorbairt ghairme, d'fhonn spreagthaí móra maidir leis na míchothromaíochtaí i sreabha sa mhargadh inmheánach agus lasmuigh de a dhíothú.

11. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór aghaidh a thabhairt, ní hamháin ar an leibhéal náisiúnta, ach ar an leibhéal Eorpach freisin ar shreabhadh neamhchothrom taighdeoirí agus ar chúrsaíocht daoine oilte, trí bhearta beartais agus ionstraimí trína gceanglaítear sonraí inchomparáide ó thíortha éagsúla; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ionstraimí agus bearta a fhorbairt chun an aidhm sin a bhaint amach, amhail trí na Moil LET agus LET4You, na Gníomhaíochtaí leathnaithe agus ionstraimí tacaíochta chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme sna córais náisiúnta T&I, lena n-áirítear le tacaíocht ó Shaoráid Tacaíochta Beartais Fís.

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá na scéimeanna dreasachta chun an tsoghluaisteacht agus an fhorbairt ghairme a chur chun cinn ar an leibhéal Eorpach (ERASMUS+, GMSC, ERC, COST) chomh maith le scéimeanna náisiúnta um fhilleadh agus um chomhtháthú ; TÁ SÍ AG TNÚTH, sa chomhthéacs sin, leis an toradh a bheidh ar an staidéar maidir le bearta tacaíochta do thaighdeoirí chun filleadh ar a dtír thionscnaimh laistigh den Aontas agus chuig an Aontas, dá bhforáiltear in Fís Eorpach, agus a d'fhéadfadh a bheith ina huirlis úsáideach, más iomchuí agus má tá údar cuí leis, chun cláir agus córais oiliúna taighde a nuachóiriú nó a fheabhsú agus chun cur le tarraingteacht na n-institiúidí ar fud an domhain.

***III. Margadh saothair oscailte do thaighdeoirí***

13. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé ar cheann de thosaíochtaí Threochlár LET 2015-2020 'Margadh saothair oscailte do thaighdeoirí' (tosaíocht LET 3) soghluaisteacht taighdeoirí san Eoraip a mhéadú, trí oscailteacht earcaíochta chun margadh saothair dea-fheidhmiúil a bhaint amach do thaighdeoirí; TÁ SÍ AG TNÚTH leis an meastóireacht a dhéanfar uirthi, lena n-áirítear moltaí agus bearta a d'fhéadfadh a bheith ann.

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuiltear ag druidim i dtreo an fhostaíocht acadúil a bheith ar forbhás , tallann daoine tréitheacha ag dul amú, agus slándáil fostaíochta a bheith i mbaol i dtíortha go leor agus gur measa fós é sin i ngeall ar phaindéim COVID-19; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é an toradh a bhíonn ar an gcothromaíocht fho-optamach idir an maoiniú institiúideach agus an maoiniú tionscadalbhunaithe conarthaí gearrthéarmacha atá bunaithe ar thionscadail nach dtugann dearcadh fadtéarmach do thaighdeoirí, mar a léirítear leis an bhfíric go bhfuil tús áite ag conarthaí sealadacha atá bunaithe ar dheontais ar an gconair luathghairme san earnáil acadúil; AITHNÍONN SÍ go bhfuil líon na bpost acadúil teoranta agus gur mó an seans go n-aimseodh taighdeoirí post lasmuigh den saol acadúil nó go mbainfidís post buan amach san earnáil acadúil tráth is faide anonn ina ngairmeacha gairmiúla; agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún ionstraimí agus uirlisí iomchuí a chur ar fáil a chuirfidh dálaí oibre tarraingteacha laistigh agus lasmuigh den saol acadúil chun cinn.

15. AITHNÍONN SÍ go bhfuil roinnt mhaith bacainní roimh thaighdeoirí luathghairme laistigh agus lasmuigh den saol acadúil araon, easpa meicníochtaí treorach leordhóthanacha agus rannpháirtíocht earnálacha eile ina gcórais oiliúna agus forbartha gairme, rud a fhágann go bhfuil mí-oiriúint scileanna ann leis na poist atá ar fáil sa mhargadh saothair; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil bacainní breise sonracha roimh taighdeoirí mná luathghairme.

16. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur minic mí-oiriúint scileanna i margaí saothair i roinnt mhaith tíortha i ngeall ar an gcaoi a ndíríonn an oiliúint dochtúireachta ar chonair ghairme sa taighde acadúil, ar scileanna taighde agus ar dhreasachtaí acadúla caighdeánacha, agus ar an gcaoi sin nach gcuirtear na scileanna cearta idirdhisciplíneacha ar fáil do dhaoine tréitheacha bogadh go dtí earnálacha eile, nach bhfuil ach cumas ionsúcháin teoranta acu do phróifílí acadúla; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór tacú le seirbhísí forbartha gairme agus comhairleoireachta, lena n-áirítear comhairle maidir le rogha gairme i ngach céim den ghairm; agus MOLANN SÍ ról níos láidre don fhaisnéis scileanna i dtaca le cinntí beartais a threorú agus i dtaca leis na nithe sin a bhaineann le taighdeoirí agus le gairmeacha taighde agus bearta nó straitéisí náisiúnta á gceapadh sa réimse sin; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuidíonn an oiliúint dochtúireachta, i gcomhar leis an earnáil phríobháideach, leis an mbearna sa chultúr a dhúnadh agus leis na scileanna riachtanacha taighde lasmuigh den saol acadúil a threisiú, agus ar an gcaoi sin an infhostaitheacht a chothú.
17. Sna comhthéacsanna sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an uas-sciliú, an athsciliú agus na scileanna idirdhisciplíneacha, go háirithe na scileanna digiteacha; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tionscnaimh a chur chun cinn i sineirgíocht leis an gComhshocrú do Scileanna chun tionchar na hinfheistíochta i scileanna a uasmhéadú trí gheallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha a thabhairt le chéile.
18. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór na cláir oiliúna dochtúireachta a mhéadú, lasmuigh den oiliúint acadúil, ag tógáil ar an eiseamláir atá tugtha ag Líonraí Dochtúireachta GMSC, lena n-áirítear scileanna inaistrithe atá luachmhar in earnálacha eile, agus rannpháirtíocht earnálacha eile sna córais oiliúna do thaighdeoirí luath-ghairme ón tús d'fhonn feabhas a chur ar mheaitseáil le riachtanais scileanna lasmuigh den earnáil acadúil. I ndáil leis an méid sin, AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá bearta beartais lena gcuirtear chun cinn rochtain níos leithne ar ionstraimí oiliúna agus forbartha gairme, chomh maith le cruthú luacha a chur chun cinn ón eolas, ón bhfiontraíocht agus ó thacaíocht do chruthú gnólachtaí nuathionscanta, i gcás inarb ábhartha; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na roghanna sin a fhiosrú agus ERA4You á dhearadh ar bhonn dea-chleachtais na mBallstát.
19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb iad na fachtóirí seo a leanas, a chinntear den chuid is mó ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó institiúideach, a mbíonn tionchar acu ar shreabhadh neamhchothrom taighdeoirí, leibhéil luacha saothair, pinsin, slándáil shóisialta agus coinníollacha fostaíochta eile.

20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na róil éagsúla riachtanacha a bhíonn ag lucht ardscileanna i gcórais rathúla taighde agus nuálaíochta ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde, amhail maoir sonraí, oibreoirí ríomh-bhonneagair, éascaitheoirí taighde, bróicéirí eolais, bainisteoirí agus comhordaitheoirí um aistriú nuálaíochta agus teicneolaíochta, i measc nithe eile; TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do na róil sin trí bhíthin ionstraimí forbartha oiliúna agus gairme d'fhonn deiseanna fostaíochta a bharrfheabhsú; Agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún bearta a fhorbairt chun tacú le héagsúlú gairme agus le hiliomad bealaí gairme.

## *IV. Creat Eorpach tarraingteach do ghairmeacha taighde*

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur den bhunriachtanas é creat solúbtha Eorpach a bheith ann le haghaidh gairmeacha taighde má táthar leis an tallann a choinneáil agus a mhealladh chuig an Eoraip ar mhaithe le héascú na hidir-inoibritheachta, na hinchomparáideachta, sosanna gairme, agus na soghluaisteachta; IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair theicniúil a rinne an Coimisiún chun nuashonrú a dhéanamh in 2021 ar aicmiú ESCO[23] agus ar Chreat Eorpach Inniúlachta a fhorbairt do thaighdeoirí chun go bhféadfar an ghairm a aithint ar an leibhéal Eorpach; ar an gcaoi chéanna, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair atá fós le déanamh maidir le EURES[24], agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacsanomaíocht scileanna a fhorbairt do thaighdeoirí[25], ionas gur féidir faireachán staidrimh a dhéanamh ar chúrsaíocht daoine oilte, agus plé a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le sraith táscairí gaolmhara, agus scéim oiliúna a mholadh chun an saineolas náisiúnta a chothú.

22. AITHNÍONN SÍ go n-éascófar an idir-inoibritheacht idirghairmeach idirearnálach agus an tsoghluaisteacht idirearnálach, agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas ollscoileanna, eagraíochtaí taighde, agus gnólachtaí, ach leibhéil tacsanomaíochta chomhsheasmhacha, Eorpacha agus náisiúnta a bheith ann.

---

23 ESCO: An tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha.

24 Rialachán (AE) 2016/589 an 13 Aibreán 2016 maidir le líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES), rochtain oibrithe ar sheirbhísí soghluaisteachta agus comhtháthú breise ar mhargaí saothair.

25 9349/20.

23. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil na cleachtais reatha maidir le luach saothair agus measúnú bunaithe den chuid is mó ar an mbibliméadracht seachas ar a ndéanann taighdeoirí agus ar an gcaoi a ndéanann siad beart (sármhaitheas agus tionchar), agus gur cheart go bhforbrófaí cleachtais i dtreo measúnú atá níos cáilíochtúla, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar éagsúlú gairmeacha sa taighde, agus comhoibriú oscailte agus eolas agus comhroinnt sonraí á gcur san áireamh, luachshocrú an taighde, gnéithe idir earnálacha agus, i gcás inarb ábhartha, rannpháirtíocht na sochaí ; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór féachaint ar an tomhas ar cháilíocht ar bhealach níos tallannbhunaithe agus níos éagsúlacht-íogaire, ar bhealach nach bhfuil taobh le méadrachtaí foilseachán agus tagairtí ach a thugann san áireamh barrfheabhas i dtaca le taighde, teagasc agus scileanna, tionchar, seirbhísí don tsochaí (e.g. cúram othar), cleachtais na heolaíochta oscailte, an fhoireanneolaíocht, an tsoghluaisteacht, scileanna bainistíochta agus ceannaireachta, an fhiontraíocht agus an comhar le hearnáil na tionsclaíochta, *inter alia*; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an taithí agus na hathchóirithe atá ar siúl sna Ballstáit agus sna heagraíochtaí taighde agus sna hollscoileanna lena n-iarrtar gur cur chuige Eorpach a bheadh ann maidir le meastóireacht a dhéanamh ar thallann na dtaighdeoirí; Is DÍOL SÁSAIMH DI an comhairliúchán leanúnach atá ar siúl ag an gCoimisiún maidir leis an measúnú taighde a athchóiriú, i measc lucht ceaptha beartas (AE, leibhéil na mBallstát), lucht maoinithe taighde, lucht déanta taighde agus geallsealbhóirí eile.

24. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an t-athbhreithniú ar an raon feidhme a dtugtar aghaidh air sa Chairt agus sa Chód idir lámha ag na grúpaí a bhaineann le LET agus ag an gCoimisiún i gcomhar leis na geallsealbhóirí, agus MEASANN SÍ go ndéanfar breis forbartha ar chreat aonair ag a mbeidh cur chuige níos iomlánaíche lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin uile thar luachanna agus prionsabail agus go leathnófar an fócas ar earnálacha nach den saol acadúil iad; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart den "Chairt agus an Cód" athnuaite treoirlínte a chur ar fáil chun tuilleadh feabhsuithe a chur ar chórais earcaíochta, roghnúcháin, luaíochta agus measúnaithe taighdeoirí ar fud na hEorpa; Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar dhea-chleachtais ar an leibhéal náisiúnta agus tograí a thíolacadh faoi 2022, *inter alia*, maidir le córais chonair na tionachta, le measúnú taighde, le héagsúlú gairme, le cothromaíocht oibre is saoil, le dreasachtaí chun taighdeoirí luathghairme a fhostú agus aghaidh a thabhairt ar an gcomhionannas inscne, ar idir-inoibritheacht leis an earnáil tionsclaíochta agus ar rialachas agus seirbhísí EURAXESS a fheabhsú.

25. IS DÍOL SÁSAIMH DI athchóiriú agus leathnú líonra, seirbhísí agus tairseacha EURAXESS i dtreo ardán bainistíochta tallainne, le naisc le EURES agus EUROPASS, agus le líonraí trasnáisiúnta eile, go háirithe pointí teagmhála náisiúnta a Leathnú, taighdeoirí agus institiúidí a nascadh agus cuidiú leis an tallann i dtíortha agus i réigiúin a iompar agus, ag an am céanna, seirbhísí ardchaighdeáin gan uaim a áirithiú ar fud an líonra; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an chéad chéim eile de EURAXESS a chomhdhearadh agus a chomhfhorbairt i dtreo Ardán Tallainne LET.

26. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ar a thábhachtaí atá sé an tsaoirse sa taighde eolaíoch agus sna gairmeacha taighde a chosaint agus a fheabhsú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur minice anois ná riamh a nochtar taighdeoirí do bhagairtí agus don fhuath agus iad ag glacadh páirt i ndíospóireachtaí, ag roinnt a gcuid torthaí agus ag cur le leasanna na heolaíochta; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór do na Ballstáit, d'Eagraíochtaí Taighde agus d'Institiúidí Ardoideachais aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo.

***V. Gairmeacha taighde le dálaí oibre níos fearr agus cairdiúlacht teaghlaigh a chur ar fáil***

27. AITHNÍONN SÍ nach gnách go bhforbraítear gairmeacha taighdeoirí laistigh d'aon earnáil ná d'aon tír amháin agus gur gnách le taighdeoirí soghluaiste ilchonairí gairme taighde a bheith acu agus gur minic nach bhfuil a sochair chosanta sóisialta[26], lena n-áirítear pinsin, iniompartha ná inchomparáide agus gur gnách gur sa tír ina bhfuarthas iad amháin a bhíonn siad bailí.

28. ADMHAÍONN SÍ gur inniúlachtaí náisiúnta iad scéimeanna slándála sóisialta agus pinsin agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn a baineadh amach leis an scéim fhorlíontach pinsean uile-Eorpach RESAVER agus an gá atá le hinfheictheacht agus le héagsúlú níos mó i dtaca le punann chun go mbainfidh eagraíochtaí úsáid astu, lena n-áirítear fondúireachtaí agus an earnáil ghnó mar aon le nascadh níos fearr leis na córais náisiúnta; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór an anailís ar na hionstraimí agus ar na huirlisí atá ann cheana agus comhroinnt na ndea-chleachtas a chur chun cinn.

[26] Féach fonóta 22.

29. CUIREANN SÍ I dTREIS gur den riachtanas é cothromaíocht níos fearr oibre is saoil agus timpeallacht atá fabhrach do theaghlaigh a chur chun cinn mar chuid d'ionchais ghairme lena n-áirítear forálacha i dtaca le cúram leanaí agus scolaíocht, sosanna gairme, saoire do thuismitheoirí agus deiseanna déghairme.

30. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé comhionannas deiseanna, cuimsitheacht agus cothromaíocht inscne a chur chun cinn, eadhon ó thaobh rochtain ar ghairm agus dul chun cinn, lena n-áirítear sna príomhphoist is tábhachtaí, an éiginnteacht a laghdú chomh maith le measúnú a dhéanamh ar thionchar COVID-19, i measc nithe eile, ar ghairm ban agus grúpaí mionlaigh.

## *VI. Rochtain ar bharr feabhais, tallann a chothú agus neamhionannas a laghdú*

31. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur den riachtanas é infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus forbairt (T&F) san Eoraip a neartú agus tacú le córais taighde ar lú a bhfeidhmíocht chun a dtarraingteacht a mhéadú d'fhonn imirce daoine oilte agus cailliúint iomaíochais mar gheall ar neamhionannais mharthanacha a sheachaint, agus coinneáil tallainne a chur chun cinn ina héagsúlacht ar fad; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuirfear leis na cuspóirí sin trí dhíriú ar an sprioc 3 % OTI in T&F a bhaint amach, agus trí shineirgí a áirithiú idir cláir an Aontais agus idir cláir an Aontais agus cláir náisiúnta.

32. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tacú le hathchóirithe sna córais náisiúnta taighde chun tarraingteacht gairmeacha taighde a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht sna leibhéil luacha saothair agus, san am céanna, feabhas a chur ar na córais luaíochta agus mheasúnaithe. Le huirlisí athdheartha an Choimisiúin, amhail an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil agus an tSaoráid Tacaíochta Beartais Físe, féadfar cabhrú chun na hathchóirithe riachtanacha sin a cheapadh agus a chur chun feidhme; MEASANN SÍ go bhféadfadh na Pleananna Comhionannais Inscne in Fís Eorpach a bheith ina n-uirlis a bhfuil gealladh fúithi chun níos mó comhionannais a bhaint amach i ngairmeacha taighde.

## *VII. Soghluaisteacht idirearnálach, idirdhisciplíneach, fhíorúil agus idirnáisiúnta*

33. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá an taighde idirdhisciplíneach chun rannchuidiú le heolaíocht den scoth agus a thábhachtaí atá an tsoghluaisteacht idirearnálach chun fostaíocht eolaíoch a chothú, chun malartú agus glacadh eolais a bhaint amach ar bhealach níos fearr, chun sraith níos leithne de scileanna a bhaineann le taighde a fháil agus chun iad sin a chomhoiriúnú níos fearr do na riachtanais sin lasmuigh den saol acadúil.

34. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an tsoghluaisteacht idirearnálach chun deiseanna suntasacha a chur ar fáil don fhostaíocht agus don fhorbairt gairme, go háirithe do thaighdeoirí luathghairme; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhféadfadh go leor cruthanna a bheith ar an tsoghluaisteacht idirearnálach (ón saol acadúil go dtí an earnáil tionsclaíochta, gnólachtaí, eintitis phoiblí, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, earnálacha cultúrtha, agus *vice versa*, chomh maith le cruthú gnó) agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, leis na córais oiliúna agus forbartha gairme, deiseanna soghluaisteachta agus sásraí treorach a fhorbairt do réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM) agus do na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé critéir iomchuí a bheith ann chun meastóireacht chuí a dhéanamh ar thaighdeoirí a thugann faoi shoghluaisteacht idirearnálach agus luaíocht cheart a thabhairt dóibh.

35. MEASANN SÍ nach mór don Choimisiún agus do na Ballstáit Scéim ERA4You a chomhdhearadh chun soghluaisteacht agus rochtain ar bharr feabhais a chothú, lena n-áirítear do na taighdeoirí sin i dtíortha a bhfuil feidhmíocht íseal T&N acu, agus gur cheart í a dhíriú go príomha ar thaighdeoirí luathghairme agus iad a ullmhú le haghaidh deiseanna gairme lasmuigh den saol acadúil; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le soghluaisteacht idirnáisiúnta agus idirearnálach a chothú agus naisc idir an saol acadúil, gnólachtaí agus an tsochaí a fheabhsú, trí dheiseanna a chur ar fáil ar leibhéal na mBallstát agus an Aontais, trí dhea-chleachtais agus scéimeanna nua a iniúchadh lena bhforbraítear iad siúd a chuirtear ar fáil trí chláir amhail Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) lena dtugtar taithí idirearnálach agus idirnáisiúnta dá chomhaltaí.

36. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá atá le comhpháirtíochtaí daingne a bhunú idir na hearnálacha acadúla agus neamhacadúla chun riachtanais scileanna, oiliúint do lucht taighde agus córais forbartha gairme a shainaithint; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá dochtúireachtaí faoi fhreagracht na hacadúlachta, a ghintear i gcomhpháirtíocht leis an earnáil tionsclaíochta, mar shampla den dea-chleachtas, atá curtha chun feidhme cheana féin in GMSC, lena mbaintear leas as modhanna fíorúla freisin.

37. MEASANN SÍ go bhfuil gá le coinníollacha feabhsaithe do thaighdeoirí luathghairme chun tallann a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip, an comhionannas inscne a chur chun cinn, na bacainní riaracháin atá fós ann a bhaint, an tuilleamhlathas a chothú chomh maith le córais luacha saothair, slándála sóisialta agus pinsin a chur in oiriúint do ghairmeacha neamhlíneacha.

38. MEASANN SÍ gur fiú úsáid a bhaint as an tacsanomaíocht a bunaíodh le déanaí le haghaidh maoiniú inbhuanaithe chun gnólachtaí nuálacha agus gníomhaíochtaí fiontraíochta a chur chun cinn agus gairmeacha taighde san earnáil tionsclaíochta, in FBManna agus i ngnólachtaí gnó a spreagadh, mar aon le leibhéal agus raon feidhme T&F atá ag dul i méid i ngnólachtaí agus san earnáil phríobháideach.

## *VIII. Sineirgí idir Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA) agus an Limistéar Eorpach Taighde (LET)*

39. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuiltear le sineirgí agus idirnaisc níos láidre a chur ar bun idir an Limistéar Eorpach Taighde (LET), na gnéithe sin den Limistéar Eorpach Oideachais (LEO) a bhaineann le hardoideachas agus EHEA (Próiseas Bologna); MEASANN SÍ go bhféadfaí sineirgí idir LET Nua agus LEO a bhaint amach trí Chlár Oibre cuimsitheach um Chlaochlú Ardoideachais, arna fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí, lena ndéanfar earnáil ardoideachais na hEorpa a chumhachtú ina cuid misean oideachais, taighde, nuálaíochta agus seirbhíse don tsochaí; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart neartú gairmeacha taighde agus treisiú nasc taighde leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc, chomh maith le tacú le hoideachas atá taighdebhunaithe, a bheith ina ngnéithe tábhachtacha den Chlár Oibre sin.

40. Chun sineirgí iomlána a áirithiú idir LET, EHEA agus LEO, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit agus bearta beartais á gceapadh acu le haghaidh comhar trasnáisiúnta saoráideach agus uaillmhianach idir institiúidí ardoideachais san Eoraip, go háirithe i réimse na ngairmeacha acadúla agus taighde a bhíonn fite ina chéile go minic, cuimsitheacht a chur chun cinn, barr feabhais a ghiaráil agus iomaíochas idirnáisiúnta earnáil ardoideachais na hEorpa a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, tarraingteacht na hearnála a mhéadú do dhaoine tallannacha laistigh den Eoraip agus lasmuigh di.

41. MEASANN SÍ go bhfuil Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, arna thacú faoi ERASMUS+ agus arna chomhlánú faoi Fís 2020, ina ghné ríthábhachtach eile ó thaobh sineirgí de; AONTAÍONN SÍ gur ardáin oiriúnacha iad comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha agus a gcomhpháirtíochtaí leis na héiceachórais áitiúla chun samhlacha féideartha a thástáil lena gcothófar idir-inoibritheacht gairmeacha taighde, agus chun deiseanna a iniúchadh do scéimeanna comhpháirteacha earcaíochta, d'oiliúint agus do chórais forbartha gairme a fhreastalóidh ar ghnéithe taighde agus teagaisc araon, chomh maith le córais nua luaíochta agus mheasúnaithe a thástáil, lena n-áirítear don teagasc taighdebhunaithe; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar thorthaí na dtionscadal píolótach sin agus moltaí a dhéanamh agus na gnéithe thuasluaite á gcur san áireamh.

42. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an acmhainneacht atá ag an gComhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) agus ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) maidir le hearnáil an ardoideachais chun fiontraíocht a chothú i dtaighdeoirí agus chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna a chruthú agus a mhéadú san Eoraip.

*IX. Faireachán*

43. TÁ SÍ I mBUN MARANA A DHÉANAMH ar fhorbairt faireachlainne chun faireachán a dhéanamh ar chonairí gairmeacha taighde, ar shreafaí tallainne sealbhóirí dochtúireachta agus iardhochtúireachta, lena n-áirítear soghluaisteacht gheografach agus earnálach agus dálaí oibre, chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar inbhuaine agus tarraingteacht gairmeacha taighde, agus ar leibhéal an athraithe ó thaobh neamhionannas de; AONTAÍONN SÍ go bhfuil cur chuige Eorpach maidir le gairm bheatha an taighde ríthábhachtach chun sonraí staidrimh a fhorbairt maidir le soghluaisteacht agus cúrsaíocht tallainne agus chun treochtaí, patrúin, scileanna agus bearnaí inscne agus dinimic mhargadh an tsaothair a shainaithint; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, córas faireacháin buan, cuimsitheach agus trédhearcach a bhunú ina gcuirfear san áireamh riachtanais na ngeallsealbhóirí éagsúla chun go bhféadfar meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Aontais; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún torthaí an staidéir atá ar bun faoi láthair leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun sonraí níos fearr a fhorbairt maidir le stoic agus maidir le coinníollacha luacha saothair a scaipeadh; ina theannta sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na sonraí maidir le sreafaí soghluaisteachta arna n-éascú laistigh de Chreatchlár an Aontas Eorpach a bhailiú agus a chur i láthair go trédhearcach.

*X. Gníomhaíochtaí tosaíochta an Limistéir Eorpaigh Taighde*

44. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feabhas a chur ar scileanna agus ar oiliúint do thaighdeoirí luathghairme chun borradh a chur faoin earcaíocht agus faoin dul chun cinn gairme agus chun bearta a chur chun cinn chun an éiginnteacht a bhaineann le gairmeacha taighde agus neamhionannas idirghlúine a laghdú agus gairmeacha taighde atá inbhuanaithe intuartha tarraingteach a sholáthar do thaighdeoirí luathghairme; agus IARRANN SÍ ar na huachtaránachtaí a bheidh ann amach anseo an tsaincheist seo atá fós gan réiteach a fhorbairt agus a iniúchadh a thuilleadh.

45. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treochlár cur chun feidhme a mholadh don Fhaireachlann um Ghairmeacha Taighde chun sonraí fónta a chur ar fáil maidir le soghluaisteacht, conairí gairme, fostaíocht agus dálaí oibre.

46. MOLANN SÍ do na Ballstáit, d'eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta agus d'earnálacha neamhacadúla, go háirithe an earnáil ghnó, machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht chomhordaithe i dtreo conairí éagsúlaithe gairme a chruthú chun mímheaitseáil scileanna a laghdú agus chun ionchais na n-oiliúnaithe dochtúireachta a chomhoiriúnú.

47. MOLANN SÍ do na Ballstáit an tsaincheist maidir le hinfheistíochtaí agus athchóirithe T&N sna réimsí thuasluaite a ghlacadh mar thosaíocht ina mbeartais náisiúnta; agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tuilleadh béime a chur ar an tsaincheist sin i gcomhthéacs an chláir oibre beartais a bheidh ann amach anseo do LET.

48. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún, ar institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí déanta taighde agus eagraíochtaí maoinithe taighde oibriú i gcomhar le chéile chun cleachtais nua-aimseartha mheasúnaithe agus luaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhealach leathan chun na dreasachtaí cearta a leagan síos, lena n-áirítear i gcás cleachtais eolaíochta oscailte.